2026/2619

24.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2619 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('Straitéis an Aontais).

(2) Le Straitéis an Aontais Eorpaigh, leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú ('CWC') agus ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW') chun domhan a chruthú atá saor ó airm cheimiceacha. Mar chuid de Straitéis an Aontais, gheall an tAontas go bhféachfadh sé leis go mbeifí ag cloí ar bhonn uilechoiteann leis na príomhchonarthaí agus leis na príomhchomhaontuithe maidir leis an dí-armáil agus an neamhleathadh, lena n-áirítear CWC.

(3) Ó 2004 i leith, tá an tAontas ag tacú le gníomhaíochtaí OPCW trí Chinntí 2009/569/CBES ([1]); 2012/166/CBES ([2]); (CBES) 2015/259 ([3]), (CBES) 2019/538 ([4]); (CBES) 2021/1026 ([5]), (CBES) 2021/2073 ([6]), (CBES) 2023/1344 ([7]),

([1]) Cinneadh 2009/569/CBES ón gComhairle an 27 Iúil 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 197, 29.7.2009, lch. 96, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/569/oj).

([2]) Cinneadh 2012/166/CBES ón gComhairle an 23 Márta 2012 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 87, 24.3.2012, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/166(1)/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2015/259 ón gComhairle an 17 Feabhra 2015 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 43, 18.2.2015, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/259/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle an 1 Aibreán 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 93, 2.4.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/538/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 224, 24.6.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1026/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú trí bhíthin íomhánna satailíte (IO L 421, 26.11.2021, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2073/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú (IO L 168, 3.7.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1344/oj).

(CBES) 2024/1984 ([8]), (CBES) 2025/2354 ([9]) ón gComhairle agus Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 2004/797/CBES ([10]); 2005/913/CBES ([11]) agus 2007/185/CBES ([12]) ón gComhairle.

(4) Is gá leanúint den dianchúnamh spriocdhírithe atá á thabhairt ag an Aontas do OPCW i gcomhthéacs chur chun feidhme gníomhach Chaibidil III de Straitéis an Aontais. Beidh gníomhaíochtaí breise de dhíth, go háirithe, má táthar le feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil OPCW agus ar acmhainneacht na Stát is páirtithe in CWC a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a ghlacadh chun an cúnamh sin a chur ar fáil.

(5) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gCinneadh seo a chur de chúram ar Rúnaíocht Theicniúil OPCW,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le cur chun feidhme agus uiliú an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú ('CWC') trí bhíthin gníomhaíochta oibríochtúla. Is é an cuspóir foriomlán a bheidh ag an ngníomhaíocht sin cumas Rúnaíocht na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a áirithiú chun cur chun feidhme CWC ag na Stáit is Páirtithe a éascú agus a fheabhsú, d'fhonn rannchuidiú leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta trí noirm CWC a chaomhnú. Rannchuidíonn sé freisin le cosc a chur ar theacht chun cinn arm ceimiceach an athuair, agus úsáidí síochánta na ceimice á gcur chun cinn ag an am céanna.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an ngníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1:

(a) díothú stoc-charn aon arm ceimiceach agus saoráidí táirgthe arm ceimiceach neamhfhógartha atá fágtha a fhíorú, faoi réir na mbeart fíorúcháin dá bhforáiltear in CWC;

(b) freagrúlacht an chórais fíorúcháin d'fhorbairtí nua agus d'fhorbairtí atá ag teacht chun cinn a áirithiú, ar mhaithe le héifeachtacht agus comhlíonadh níos fearr CWC;

(c) na bagairtí a bhaineann le húsáid arm ceimiceach a laghdú agus teacht chun cinn an athuair a chosc trí neamhleathadh arm ceimiceach;

(d) acmhainneachtaí eagraíochtúla éifeachtacha a choinneáil chun líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach, nó úsáidí eile ceimiceán tocsaineach a thoirmisctear faoi CWC, a chosc agus freagairt orthu, arna iarraidh sin;

([8]) Cinneadh (CBES) 2024/1984 ón gComhairle an 15 Iúil 2024 chun tacú leis an bPleanáil Idirthréimhseach Institiúideach le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) (IO L, 2024/1984, 16.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1984/oj).

([9]) Cinneadh (CBES) 2025/2354 ón gComhairle an 20 Samhain 2025 chun tacú le gníomhaíochtaí mhisean na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a bhaineann leis an tSiria agus leis an Úcráin a fheabhsú agus éifeachtacht oibríochtúil OPCW a fheabhsú trí íomhánna satailíte (IO L, 2025/2354, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2354/oj).

([10]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES ón gComhairle an 22 Samhain 2004 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 349, 25.11.2004, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2004/797/oj).

([11]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle an 12 Nollaig 2005 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 331, 17.12.2005, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2005/913/oj).

([12]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle an 19 Márta 2007 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 85, 27.3.2007, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2007/185/oj).

(e) rannchuidiú le hacmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha OPCW agus na Stát is Páirtithe i leith iarrataí ar chúnamh agus ar chosaint ar úsáid arm ceimiceach nó ar bhagairt a n-úsáide;

(f) áirithiú go leanann OPCW de bheith oiriúnach don fheidhm, i gcomhréir leis an dul chun cinn ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de;

(g) cumarsáid a dhéanamh ar son domhan atá saor ó airm cheimiceacha agus ar son úsáidí síochánta na ceimice; agus féachaint leis go mbeifear ag cloí le CWC ar bhonn uilechoiteann;

(h) iarrachtaí substainteacha fothaithe acmhainneachta le haghaidh comhar idirnáisiúnta a chomhtháthú.

3. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht Theicniúil OPCW a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh Rúnaíocht Theicniúil OPCW an cúram dá dtagraítear i mír 2 faoi mhaoirseacht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Rúnaíocht Theicniúil OPCW.

Airteagal 3

1. Is é EUR 3 978 934,10 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais arna mhaoiniú ag an méid tagartha dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú i gcrích le Rúnaíocht Theicniúil OPCW. Sonrófar sa chomhaontú go bhfuil ar Rúnaíocht Theicniúil OPCW infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, infheictheacht a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta ó Rúnaíocht Theicniúil OPCW. Beidh na tuarascálacha ón Ardionadaí mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura dtabharfar aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

DOICIMÉAD TIONSCADAIL LE HAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE MAR THACA LEIS AN EAGRAÍOCHT UM THOIRMEASC AR AIRM CHEIMICEACHA (OPCW)

Cúlra agus Réasúnaíocht

Is eagraíocht idirnáisiúnta arna bunú leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú ('CWC') í an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW'). Tháinig CWC i bhfeidhm an 29 Aibreán 1997 agus tá 193 Stát is Páirtithe leis anois, mar léiriú ar bhallraíocht atá nach mór uilíoch. Is é misean OPCW airm cheimiceacha a dhíothú ón saol trí stoc-chairn arm ceimiceach dearbhaithe a scriosadh agus trí chosc a chur ar theacht chun cinn agus ar úsáid arm ceimiceach an athuair.

I mí na Nollag 2003, ghlac an tAontas Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (Straitéis an Aontais), inar aithin sé a mhéid a chuireann airm ollscriosta an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol. Leagtar béim i Straitéis an Aontais ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC) agus ag OPCW i ndáil le domhain saor ó airm cheimiceacha a bhaint amach. Cuireann cuspóirí Straitéis an Aontais le cuspóirí CWC. Ó glacadh Straitéis an Aontais, d'fhéach an tAontas agus OPCW chuige go n-oibríonn siad i gcomhar le chéile, lena n-áirítear rannpháirtíocht i sraith Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus Cinntí ([1]). Treisítear a thuilleadh an chomhpháirtíocht sin atá riachtanach chun príomhchuspóirí OPCW a chur chun cinn agus a chur chun feidhme leis an Meabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus OPCW (2024).

Tar éis a fhíorú in 2023 gur scriosadh stoc-chairn uile na n-arm ceimiceach a bhí dearbhaithe, leanann OPCW de bheith ag dul in oiriúint don éabhlóid thapa san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, do thimpeallacht athraitheach na n-arm ceimiceach agus na slándála idirnáisiúnta díghrádaithe. Ag an am céanna, is tosaíochtaí fós iad a áirithiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí CWC agus an córas fíorúcháin, go ndéanfaí úsáid arm ceimiceach a chosc ar bhealach éifeachtach, go rannchuideofaí le bagairtí a laghdú agus go gcuirfí cosc ar teacht chun cinn arm ceimiceach an athuair, agus go gcuirfí úsáidí síochánta na ceimice chun cinn. Léiríodh gur ríthábhachtach iad an chomhpháirtíocht agus an tacaíocht a fhaightear ó bhuiséad Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) chun tionchar ghníomhaíochtaí OPCW a mhéadú agus chun cabhrú le cur chun feidhme tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta go dtí seo. Is den ríthábhacht é go leanfaí leis an tacaíocht ón Aontas chun a áirithiú go mbeidh Rúnaíocht OPCW in ann na tosaíochtaí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Is díol sásaimh do OPCW tiomantas leanúnach an Aontais tacú le OPCW agus é ag iarraidh a shainorduithe a chomhlíonadh, rud a chuirfidh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta. Ina theannta sin, agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn á n-aithint dó, is díol sásaimh do OPCW freisin go bhfuil spéis i gcónaí ag an Aontas treisiú leis an tacaíocht atá á tabhairt aige d'fhoirne teicniúla OPCW agus cúnamh á chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe, de réir mar is gá, i gcur chun feidhme gníomhach Chaibidlí II agus III de Straitéis an Aontais.

Cuspóir foriomlán na gníomhaíochta atá beartaithe

Is é cuspóir foriomlán an Chinnidh (AE) ón gComhairle a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag an Rúnaíocht cuidiú leis na Stáit is Páirtithe an CWC a chur chun feidhme agus an cur chun feidhm sin a fheabhsú. Rannchuidíonn an tacaíocht sin leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta trí noirm CWC a chaomhnú. Cuidíonn sí freisin le cosc a chur ar airm cheimiceacha teacht chun cinn an athuair, agus úsáidí síochánta na ceimice á gcur chun cinn ag an am céanna.

Cuspóirí sonracha na gníomhaíochta atá beartaithe

— Díothú stoc-charn arm ceimiceach agus saoráidí táirgthe arm ceimiceach nach bhfuil dearbhaithe fós a fhíorú faoi réir na mbeart fíorúcháin dá bhforáiltear in CWC.

— Freagrúlacht an chórais fíorúcháin d'fhorbairtí nua agus d'fhorbairtí atá ag teacht chun cinn a áirithiú, chun a bheith níos éifeachtaí agus chun an Coinbhinsiún a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr.

— Na bagairtí a bhaineann le húsáid na n-arm ceimiceach a laghdú agus cosc a chur ar theacht chun cinn arm ceimiceach an athuair trí neamhleathadh na n-arm sin.

([1]) Cuimsítear iontu Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES (in éag); Cinneadh 2009/569/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2012/166/CBES (in éag); Cinneadh (CBES) 2015/259 ón gComhairle (arna fhadú le Cinneadh (CBES) 2018/294 agus in éag); Cinneadh (CBES) 2017/2302 (arna fhadú le Cinneadh (CBES) 2019/1092, in éag); Cinneadh (CBES) 2017/2303 (arna fhadú le Cinneadh (CBES) 2018/1943 agus Cinneadh (CBES) 2019/2112, in éag); Cinneadh (CBES) 2019/538 (in éag); Cinneadh (CBES) 2021/1026 (in éag), agus Cinneadh (CBES) 2021/2073 (in éag); Cinneadh (CBES) 2023/1344 (i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026); Cinneadh (CBES) 2024/1984 (i bhfeidhm go dtí an 30 Meán Fómhair 2027); agus Cinneadh (CBES) 2025/2354 (rachaidh in éag an 31 Nollaig 2027).

— Na hacmhainneachtaí eagraíochtúla éifeachtacha a choinneáil chun cosc a chur agus freagairt a thabhairt, arna iarraidh sin, ar líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach, nó úsáidí eile ceimiceán tocsaineach a thoirmisctear faoin gCoinbhinsiún; agus rannchuidiú le hacmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha OPCW agus na Stát is Páirtithe i gcás iarrataí ar chúnamh agus ar chosaint ar úsáid arm ceimiceach nó ar an mbagairt úsáid a bhaint as na hairm cheimiceacha sin.

— A bheith oiriúnach don fheidhm i gcónaí, mar eagraíocht, i gcomhréir leis an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de.

— Cumarsáid a dhéanamh chun airm cheimiceacha a dhíothú ón domhan agus chun úsáidí síochánta a bhaint as an gceimic; agus féachaint leis go mbeifear ag cloí le CWC ar bhonn uilechoiteann.

— Iarrachtaí suntasacha fothaithe acmhainneachta ar mhaithe le comhar idirnáisiúnta a chomhtháthú.

Na haschuir a bhfuil ionchas leo de bharr na Gníomhaíochta

— **Aschur 1:** Cumas eagraíochtúil a choinneáil chun cásanna agus réitigh spriocdhírithe a ullmhú bunaithe ar institiúidiú láidir eolais agus taifead maidir le dímhíleatú ceimiceach.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Acmhainneacht freagartha institiúideach a choimeádtar le haghaidh aon iarraidh ar airm cheimiceacha a scriosadh chun go sainaitheofar saoráid nó trealamh speisialaithe a úsáidtear chun an scrios a fhíorú i gcomhréir le CWC.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Faisnéis fíorúcháin speisialaithe maidir le dímhíleatú a chomhtháthú agus a dhigitiú i mbunachar sonraí eolais idirghníomhach slán. An bunachar sonraí a chur i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoin oiliúint a chuireann an Rúnaíocht Theicniúil ar fáil maidir le hoibríochtaí fíorúcháin (forbairt agus rolladh amach) agus gnáthmhisin (Airteagail IV agus V), imscaradh agus gníomhaíochtaí fíorúcháin lena gcumhdaítear saoráidí táirgthe, scriosta agus stórála.*

— **Aschur 2:** Bearta fíorúcháin tionscail a shainaithint agus a fhorbairt, ar bearta iad lena n-áirithítear measúnú cuimsitheach agus lena ndírítear ar láithreán rioscabhunaithe a roghnú ar mhaithe le dóchúlacht mhéadaithe i gcoinne atreorú agus cosc ar theacht chun cinn an athuair.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Modheolaíochtaí fíorúcháin tionscail arna n-oiriúnú chun léargas cuimsitheach a thabhairt ar ghníomhaíochtaí sna saoráidí dearbhaithe, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as raon níos leithne foinsí faisnéise agus teicneolaíochtaí a úsáidtear sa mheasúnú agus sa bhfaireachán a dhéantar ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Córais shaincheaptha a chruthú le haghaidh faisnéis foinse oscailte lena gcomhtháthaítear teicneolaíochtaí nua i mbeartais OPCW agus i bpróisis na gcóras fíorúcháin. Timpeallacht chumasúcháin a bhunú chun go n-úsáidfidh an Rúnaíocht anailísí foinse oscailte agus sonraí le haghaidh cinnteoireachta sna fíorúcháin tionscail. Arduirlisí digiteacha (amhail teicneolaíochtaí oiliúna tumthaí (VR)) a fhorbairt agus a imscaradh chun tacú le measúnú fíorúcháin tionscail agus le himscaradh an mheasúnaithe sin. Nósanna imeachta cigireachta a thabhairt cothrom le dáta chun an dul chun cinn a dhéantar sa teicneolaíocht a léiriú, lena n-áirítear i ndáil le próisis táirgthe nua, ardteicnící monaraíochta, agus teicneolaíochtaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn.*

— **Aschur 3:** Acmhainneachtaí na Stát is Páirtithe a mhéadú chun nach dtiocfaidh airm cheimiceacha chun cinn an athuair agus chun na bagairtí atá ag teacht chun cinn maidir le húsáid arm ceimiceach a laghdú.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Níos lú rioscaí bagartha trí acmhainneachtaí méadaithe na bpáirtithe leasmhara; forálacha leathnaithe maidir le sábháilteacht agus slándáil cheimiceach; agus níos mó iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ceimiceacha, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le gníomhaithe neamhstáit.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Acmhainneachtaí na bpáirtithe leasmhara ábhartha (údaráis náisiúnta, stáit is páirtithe, tionscal, etc.) a neartú trí oiliúint thiomnaithe i réimsí amhail: rialuithe custaim agus teorann, cur chun feidhme chóras aistrithe CWC, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceimiceán sceidealaithe, bearta ábhartha slándála ceimiceán agus an reachtaíocht a ghabhann leo, sábháilteacht agus slándáil ceimiceán, etc. Rannpháirtíocht OPCW agus na hacmhainneachtaí atá ag na húdaráis náisiúnta chun dul i gcomhar agus i dteagmháil le tionscal na gceimiceán agus leis an trádáil a leathnú trí shásraí comhordúcháin éagsúla. A áirithiú go bhfuil cuir chuige maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (IS, aerárthaí gan foireann, etc.) comhtháite, oiriúnaithe agus freagrúil do thimpeallacht dhinimiciúil ina bhfuil bagairtí.*

— **Aschur 4:** Acmhainneachtaí éifeachtacha le haghaidh cúnaimh agus cosanta, forbairt agus úsáid arm ceimiceach a chosc agus líomhaintí maidir le húsáid a imscrúdú.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Acmhainneachtaí ullmhachta náisiúnta níos treise agus ullmhacht institiúideach neartaithe arna caomhnú chun freagairt d'iarrataí na Stát is Páirtithe ar chúnamh agus ar chosaint; acmhainneachtaí fóiréinsice feabhsaithe chun oibreáin bhagartha cheimiceacha, réamhtheachtaithe agus táirgí díghrádaithe a anailísiú agus a shainaithint; agus acmhainneachtaí neartaithe OPCW chun nach ndéanfar airm cheimiceacha a fhorbairt ná a úsáid agus chun a chinntiú go comhlíonfaí an Coinbhinsiún.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Acmhainneachtaí freagartha cúnaimh agus cosanta na Stát is Páirtithe a mhéadú (oiliúint speisialtóirí, clár malartaithe um fhorbairt teagascóirí, cleachtaí CHEMEX, etc.). Cur i bhfeidhm na fóiréinsice a leathnú ó thaobh eagraíochta de, lena n-áirítear le haghaidh prótacail imscrúdaitheacha, oiliúint agus iarrachtaí próifílithe ceimiceán.*

— **Aschur 5:** Féachaint ar nuálaíochtaí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus iad a ionchorprú sa Rúnaíocht chun an chothromaíocht idir rioscaí agus deiseanna a áirithiú, agus chun go mbeidh OPCW níos ullmhaithe chun cúnamh a thabhairt do na Stáit is Páirtithe agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí an lae inniu agus lae amárach.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Go mbeidh acmhainneachtaí na Rúnaíochta bunaithe ar nuálaíochtaí reatha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht. Go bhfeabhsófar acmhainneachtaí oibríochtúla na Rúnaíochta maidir le hullmhacht agus imscaradh misean. Cumais anailíseacha agus bhainistithe mhéadaithe le haghaidh saotharlanna sna Stáit is Páirtithe chun saineolas a mhalartú agus a fháil agus chun modhanna nua agus cuir chuige anailíseacha nua a fhorbairt. Líonra domhanda leathnaithe ina mbeidh saotharlanna ainmnithe a chuirfidh acmhainneachtaí leordhóthanacha ar fáil do OPCW chun cúraimí féideartha anailíseacha atá mar thoradh ar chigireachtaí nó ar riachtanais eile a bhaineann le cur chun feidhme CWC a chomhlíonadh.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Ardán a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht níos leithne maidir le hacmhainneachtaí agus maidir le húsáidí síochánta na ceimice lena n-áirítear: acmhainneachtaí agus oiliúint saotharlainne, eolaíocht do thaidhleoirí, dúshlán nó dúshláin taighde eolaíoch. Feabhas a chur ar ullmhacht OPCW aghaidh a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta san eolaíocht agus sa teicneolaíocht trí Bhord Eolaíoch agus Comhairleach OPCW, trína Mheithleacha Sealadacha agus trí cheardlanna gaolmhara. Comhéadain eolaíochta-teicneolaíochta a leathnú le comhtháthú na hintleachta saorga ar bonn eagraíochtúil i réimsí ina bhféadfaí digiteáil na hintleachta saorga ar uirlisí (bunachair sonraí, bailíochtú, fóiréinsic) a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh, iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le mí-úsáid samhlacha intleachta saorga, agus réamhaisnéis todhchaíochtaí eile. Acmhainneachtaí oibríochtúla OPCW a fheabhsú maidir le hullmhúcháin agus imscaradh misean.*

— **Aschur 6:** Cur leis an údarás atá ag ceannaireacht agus cumarsáid OPCW ar bhonn domhanda trí rannpháirtíocht le pobail éagsúla, cur i gcoinne na bréagaisnéise agus uilíocht na norm domhanda maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, mar aon le húsáidí síochánta na ceimice, a leathnú.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Go méadófar, le for-rochtain éifeachtach agus cumarsáid eagraíochtúil chomhleanúnach, an tuiscint ar CWC agus an mhuinín as maoirseacht OPCW ar CWC.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Feabhas a chur ar ról OPCW maidir le húsáidí síochánta agus údaraithe na ceimice a chur chun cinn i measc lucht féachana éagsúil atá ag dul i líonmhaire. Sláine agus creidiúnacht eagraíochtúil a chosaint trí athléimneacht institiúideach i leith na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise. Ról a thabhairt do na spriocphobail (an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an óige, mná etc.) agus fothú acmhainneachta speisialaithe a chur ar fáil dóibh. Iarrachtaí leanúnacha chun go n-áiritheofar an uilíocht. Comhpháirtíocht dhlúth idir an OPCW agus an tAontas a chur chun feidhme a thuilleadh.*

— **Aschur 7:** Clársceidealú réigiúnach agus foréigiúnach inmharthana a bhunú chun tacú le hacmhainneachtaí na Stát is Páirtithe agus na hacmhainneachta sin a fhothú chun oibleagáidí na Stát is Páirtithe faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh.

— *Na torthaí a bhfuil ionchas leo:* Comhordú feabhsaithe i gcás imeachtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha a bheidh oiriúnaithe do riachtanais bhailíochtaithe na Stát is Páirtithe, ina mbeidh clársceidealú comhtháite ar bhonn píolótach le haghaidh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus tacaíocht speisialaithe san áireamh.

— *Cumhdófar an méid seo a leanas leis na Gníomhaíochtaí Táscacha: Tíortha (ar fud na réigiún, na bhforéigiún) a bhfuil na dúshláin chéanna rompu i dtaca le cur chun feidhme a chur i dteagmháil lena chéile agus cineálacha cur chuige fothaithe acmhainneachta a cheapadh i gcomhréir le tosaíochtaí agus comhthéacsanna sonracha. Tionscnaimh mheantóireachta, chomhpháirtíochta agus phiarfhoghlama a leathnú chun go spreagfar malartú taithí praiticiúla agus chun acmhainneachtaí cur chun feidhme a neartú ar fud na Stát is Páirtithe.*

Na Tairbhithe Deiridh

I measc na dtairbhithe tá: Pearsanra agus foirne Rúnaíocht Theicniúil OPCW; agus páirtithe leasmhara CWC lena n-áirítear na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, an tSochaí Shibhialta, Aonaid um Chosaint Shibhialta, Ollscoileanna, Saotharlanna Comhpháirtíochta, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Idir-rialtasacha, an pobal.

Fad ama

Meastar go mairfidh an Ghníomhaíocht sin 36 mhí ar an iomlán.